# COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE

# GALWAY COUNTY COUNCIL

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Fodhlíthe Charrchlós Mhuiríne Phort Omna

2017

# Comhairle Chontae na Gaillimhe

# Fodhlíthe Charrchlós Mhuiríne Phort Omna 2017

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dóibh le hAlt 101 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961 (Uimh. 24 de 1961), arna leasú le hAlt 6 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1968 (Uimh. 25 de 1968), agus le hAlt 49 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994 (Uimh. 7 de 1994), déanann **COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE** (dá ngairtear "an Chomhairle" anseo ina dhiaidh seo) leis seo na fodhlíthe seo a leanas:-

## CUID 1: RÉAMHRÁITEACH

### Gearrtheideal

**1.** Tabharfar Fodhlíthe Charrchlós Mhuiríne Phort Omna 2017 ar na Fodhlíthe seo.

### Limistéar Feidhme

**2.** Baineann na Fodhlíthe seo leis an gcarrchlós a sholáthraíonn an Chomhairle ag Muiríne Phort Omna, ar a dtugtar Carrchlós Mhuiríne Phort Omna anseo ina dhiaidh seo.

### Tosach Feidhme

3. Tiocfaidh na fodhlíthe seo i ngníomh an 2 Eanáir 2018.

### Léiriú

**4.** Sna Fodhlíthe seo:

ciallaíonn **"gníomhaire de chuid na Comhairle"** aon duine a bheidh fostaithe ag an gComhairle, nó aon duine eile a bheidh údaraithe ag an gComhairle, chun feidhmeanna faoi na fodhlíthe seo a chomhlíonadh;

tá le **"duine údaraithe"** an bhrí a shanntar dó le hAlt 103(8) (a cuireadh isteach leis an Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1968) (Uimh. 25 de 1968)) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961;

ciallaíonn **"carrchlós"** an carrchlós dá dtagraítear ag 2 thuas agus atá imlínithe i ndath dearg ar an léarscáil in Aguisín 1 a ghabhann leis na Fodhlíthe seo;

ciallaíonn **"Comhairle"** Comhairle Chontae na Gaillimhe;

ciallaíonn **"bá loctha do dhuine faoi mhíchumas"** spás atá beartaithe chun feithicil inneallghluaiste a locadh ann, ar feithicil í ina bhfuil cead loctha bailí do dhuine faoi mhíchumas ar taispeáint inti;

ciallaíonn **"cead loctha do dhuine faoi mhíchumas"** cead loctha do dhuine faoi mhíchumas, arna eisiúint faoi Airteagal 43 de Rialacháin 1997;

ciallaíonn **"cur ar taispeáint"** doiciméad a chur ar taispeáint ar fheithicil ionas go bhfuil an doiciméad infheicthe agus inléite go soiléir ón taobh amuigh den fheithicil;

ciallaíonn **"Carbhán Mótair"** feithicil sainchuspóra atá tógtha chun cóiríocht chónaithe a áireamh inti, ar cóiríocht í ina bhfuil an trealamh seo a leanas ar a laghad:

-suíocháin agus bord

-cóiríocht chodlata is féidir a tiontú ina suíocháin

-saoráidí cócaireachta

-saoráidí stórála

Tá le Carbháin Mhótair an bhrí chéanna a shanntar don téarma sin i mír 5.1 de Chuid A (Sainmhíniú ar Chatagóir Feithicle) d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 70/156/CEE ón gComhairle an 6 Feabhra 1970 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cineálcheadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, arna leasú le Treoir 2001/116/CE ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2001 lena ndéantar Treoir 70/156/CEE ón gComhairle a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil;

**(Nóta:** Ina theannta sin, tugtar Veain Champála, Feithiclí Áineasa nó Mótarárais ar charbháin mhótair agus tá feidhm ag na Fodhlíthe seo freisin maidir le feithiclí a thuairiscítear amhlaidh)

ciallaíonn **"Limistéar Loctha do Charbháin Mhótair"** an chuid den talamh a chuimsítear i gCarrchlós Mhuiríne Phort Omna i gContae na Gaillimhe agus a thaispeántar mar haitseáil dhearg ar an léarscáil in Aguisín 1 a ghabhann leis na Fodhlíthe seo;

ciallaíonn **"Bá Loctha do Charbháin Mhótair"** spás loctha chun carbhán mótair amháin a locadh ann laistigh den 'Limistéar Loctha do Charbháin Mhótair' agus taispeántar achar an spáis loctha sin le síneacha nó marcálacha dromchla, nó le síneacha nó marcálacha eile, laistigh den charrchlós;

ciallaíonn **"ticéad íoc-loctha do charbhán mótair"** doiciméad arna eisiúint ag an gComhairle tar éis an muirear a fhorordaítear anseo ina dhiaidh seo a íoc, ar ticéad é a dtaispeántar ar a aghaidh dáta agus am na heisiúna agus an t-am a théann sé in éag agus a scoireann sé de bheith bailí;

ciallaíonn **"uaire oibriúcháin"** an lá ar fad i gcás gach uile lá i.e. Luan go Domhnach go huile;

ciallaíonn "úinéir" duine atá ainmnithe ar dheimhniú clárúcháin na feithicle nó ar logleabhar na feithicle;

ciallaíonn **"Rialacháin 1997"** na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Trácht agus Locadh), 1997 (I.R. Uimh. 182 de 1997);

ciallaíonn **"meaisín ticéad loctha 'íoc & taispeáin'"** meaisín atá in ann ticéad loctha 'íoc agus taispeáin' a sholáthar go huathoibríoch nuair a íoctar an táille loctha chuí atá forordaithe leis na fodhlíthe seo;

tá le **"maor tráchta"** an bhrí a shanntar dó le hAlt 2(3) den Acht um Údaráis Áitiúla (Maoir Thráchta), 1975 (Uimh. 14 de 1975);

ciallaíonn **"Carbhán Leantóra"** feithicil nach bhfuil inneall aici agus atá tógtha le go mbeidh cóiríocht chónaithe inti agus le gur féidir le gluaisteán nó veain nó mótarfheithicil chuí eile í a tharraingt;

ciallaíonn **"cead loctha bailí do dhuine faoi mhíchumas"** cead loctha den sórt sin nach bhfuil imithe in éag;

ciallaíonn **"ticéad íoc-loctha bailí do charbhán mótair"** ticéad íoc-loctha do charbhán mótair, ar ticéad é:

(a) atá eisithe ag meaisín arna sholáthar ag an gComhairle tar éis an muirear a fhorordaítear anseo ina dhiaidh seo a íoc,

(b) nach bhfuil neamhbhailí de bharr imeacht aimsire, agus

(c) atá curtha ar taispeáint ar fheithicil nach bhfuil loctha sa Limistéar Loctha do Charbháin Mhótair ar feadh tréimhse is faide ná 48 n-uaire an chloig

ciallaíonn **"feithicil"** feithicil innealghluaiste ina bhfuil suíocháin d'ochtar paisinéirí ar a mhéad.

## CUID 2: CARBHÁIN MHÓTAIR

5. Ní dhéanfar Carbhán Mótair a locadh i gCarrchlós Mhuiríne Phort Omna ach amháin i mBá Loctha ainmnithe, marcáilte do Charbhán Mótair.
6. Is é a bheidh sa táille le haghaidh ticéad loctha carbháin mótair 'íoc agus taispeáin' ná **€10.00 in aghaidh 24 huaire an chloig.**
7. Déanfar ticéad loctha carbháin mótair 'íoc agus taispeáin' a cheannach ó mheaisín ticéad íoc-loctha trí chárta íocaíochta a chur isteach sa mheaisín agus trí dhéanamh de réir na dtreoracha ar an meaisín chun ticéad bailí loctha carbháin mótair 'íoc agus taispeáin' a fháil.

8. Gach tráth le linn carbhán mótair a bheith loctha, déanfar ticéad bailí loctha carbháin mótair 'íoc agus taispeáin' a chur ar taispeáint ann.

9. Ní dhéanfar carbhán mótair a locadh go bailí sa Limistéar Loctha do Charbháin Mhótair ar feadh tréimhse is faide ná 48 n-uaire an chloig as a chéile.

10. Tar éis dheireadh na tréimhse uasta fanachta 48 n-uaire an chloig, imeoidh carbhán mótair as an gcarrchlós agus tá toirmeasc air filleadh laistigh de thréimhse 5 lá.

11. Ní dhéanfar carbhán mótair a locadh i Limistéar Loctha do Charbháin Mhótair ar mhodh ina n-áitíonn sé níos mó ná Bá Loctha amháin do Charbháin Mhótair.

12. Ní dhéanfar aon fheithicil seachas carbhán mótair, ag a bhfuil ticéad bailí loctha 'íoc agus taispeáin, a locadh i Limistéar Loctha do Charbháin Mhótair.

13. Toirmisctear na nithe seo a leanas, agus ní úsáidfear iad, i gCarrchlós Mhuiríne Phort Omna:

(i) scáthbhrait,

(ii) boird,

(iii) cathaoireacha,

(iv) línte éadaí.

(v) trealamh eile campála,

(vi) gineadóirí ionsuite,

(vii) gineadóirí saorsheasaimh.

14. (a) Toirmisctear ar Charbháin Leantóra teacht isteach, agus locadh, i gCarrchlós Mhuiríne Phort Omna.

(b) Toirmisctear ar Mhótarárais/fheithiclí áineasa ar mó ná 6.5 méadar a bhfad teacht isteach, agus locadh, i gCarrchlós Mhuiríne Phort Omna.

## CUID 3: GINEARÁLTA

15. Is cion é Carbhán Mótair nó Feithicil a bheith loctha i gCarrchlós Mhuiríne Phort Omna ach amháin ar an modh a fhorordaítear sna Fodhlíthe seo.

16. Maidir le toirmeasc a fhorchuirtear sna Fodhlíthe seo, ní bheidh feidhm aige maidir le haon cheann díobh seo a leanas:-

(a) aonad den Bhriogáid Dóiteáin, Otharcharr nó feithicil oifigiúil atá á húsáid ag comhalta den Gharda Síochána i bhfeidhmiú dhualgais an chomhalta sin;

(b) feithicil atá á húsáid ag fostaí nó ag gníomhaire de chuid na Comhairle i bhfeidhmiú dhualgais an duine sin mar fhostaí de chuid na Comhairle;

(c) feithicil atá damáistithe nó atá loicthe le linn tréimhse réasúnach a bhfuil gá léi chun deisiúcháin a dhéanamh ar an bhfeithicil nó chun í a thabhairt chun bealaigh ón suíomh.

**17.** Ní dhéanfaidh duine feithicil a locadh i mBá Loctha do Dhuine faoi Mhíchumas gan Cead Loctha bailí do Dhuine faoi Mhíchumas a chur ar taispeáint san fheithicil.

**18.** I gcás ina sealbhaíonn duine faoi mhíchumas "cead loctha do dhuine faoi mhíchumas" arna eisiúint faoi Airteagal 43 de Rialacháin 1997, ní bheidh feidhm ag Fodhlí 8 de na Fodhlíthe seo maidir le feithicil shonraithe atá loctha mar áis don duine ar chuige nó chuici a deonaíodh an cead sin. Déanfar cead loctha bailí do dhuine faoi mhíchumas a chur ar taispeáint ar an taobh istigh den fheithicil ar ina leith a eisíodh é ionas gur féidir le duine atá lasmuigh den fheithicil é a léamh.

**19.** (a) I gcás ina mbeidh feithicil loctha i gCarrchlós Mhuiríne Phort Omna i gcomhréir leis na Fodhlíthe seo, ní chuirfidh duine isteach ar thicéad loctha' íoc & taispeáin' atá ar taispeáint san fheithicil.

(b) Ní dhéanfaidh duine damáiste do mheaisín ticéad loctha 'íoc agus taispeáin'.

(c) Aon duine nach gníomhaire de chuid an Údaráis Áitiúil, comhalta den Gharda Síochána in éide, duine údaraithe nó maor tráchta é, ní chuirfidh sé nó sí isteach ar mheaisín ticéad loctha 'íoc agus taispeáin'.

**20.** Ní dhéanfaidh duine, nó ní chuirfidh duine faoi deara go ndéanfar, feithicil a locadh i gCarrchlós Mhuiríne Phort Omna in áit nó i riocht nó in imthosca a d'fhágfadh go mbeadh sí, nó gur dóigh go mbeadh sí, ina cúis le contúirt do dhaoine eile a bheadh ag úsáid an charrchlóis nó go gcuirfeadh sí, nó gur dóigh go gcuirfeadh sí, bac ar an mbealach isteach chuig an gcarrchlós, nó ar an mbealach amach as, nó go gcuirfeadh sí, nó gur dóigh go gcuirfeadh sí, bac ar shaorghluaiseacht an tráchta laistigh den charrchlós.

**21.** Ní dhéanfaidh duine imchóiriú nó deisiúcháin ar fheithicil nuair atá sí loctha i gCarrchlós Mhuiríne Phort Omna ach amháin i gcás inar gá déanamh amhlaidh chun a chumasú an fheithicil a thabhairt chun bealaigh ón gcarrchlós.

**22.** Le linn feithicil a bheith loctha i gcarrchlós, ní úsáidfear í chun earraí, ticéid nó aon seirbhís a dhíol san fheithicil nó ón bhfeithicil nó mar oifig, ná ní dhéanfar aon fheithicil den sórt sin a thairiscint nó a thaispeáint lena díol nó lena fruiliú nó mar dhuais.

**23.** Ní dhéanfaidh duine aon torann gan ghá trí bhíthin feithicle, nó i ndáil le feithicil, le linn í a bheith loctha i gCarrchlós Mhuiríne Phort Omna, nó trí bhíthin aon trealaimh, feisteáin nó ionstraimí atá feistithe den fheithicil nó á iompar nó á n-iompar ar an bhfeithicil nó trí bhíthin aon challaire nó raidió san fheithicil nó ar an bhfeithicil nó atá bainteach leis an bhfeithicil ar aon slí.

**24.** Ní dhéanfaidh duine aon bhuidéal, nó gloine bhriste, tairne, bruscar nó substaint eile a chaitheamh uaidh nó uaithi, a chur nó a fhágáil ar charrchlós nó i gcarrchlós, agus ní dhéanfaidh duine aon chluiche liathróide ná aon chluiche eile a imirt sa charrchlós.

**25.** (a) Comhlíonfaidh duine a bheidh ag úsáid Charrchlós Mhuiríne Phort Omna aon ordachán dleathach i ndáil le locadh feithicle i gcarrchlós, nó i ndáil le feithicil a thabhairt chun bealaigh ón gcarrchlós, nó i ndáil le haon cheann de na Fodhlíthe seo, ar ordachán é arna thabhairt ag

comhalta den Gharda Síochána nó ag aon oifigeach, seirbhíseach, fostóir nó gníomhaire de chuid na Comhairle a bheidh údaraithe ag an gComhairle chun críocha na bhfodhlíthe seo.

(b) I gcás ina n-ordófar do dhuine, de réir mhír 25(a) de na Fodhlíthe seo, imeacht ón gcarrchlós, comhlíonfaidh sé/sí an t-ordachán sin.

26. Ní chuirfidh duine bac go toiliúil ar ghníomhaire, ar oifigeach nó ar sheirbhíseach de chuid na Comhairle i gCarrchlós Mhuiríne Phort Omna ná ní chuirfidh duine suaitheadh go toiliúil ar ghníomhaire, ar oifigeach nó ar sheirbhíseach den sórt sin de chuid na Comhairle, ná ní chuirfidh duine isteach go toiliúil ar ghníomhaire, ar oifigeach nó ar sheirbhíseach den sórt sin de chuid na Comhairle, le linn don ghníomhaire, don oifigeach nó don seirbhíseach sin a dhualgas nó a dualgas a fhorghníomhú, lena n-áirítear i dtaca le leagan amach nó cothabháil aon chuid den charrchlós ag foireann nó ag gníomhairí de chuid na Comhairle.

27. Tabharfaidh duine atá sa charrchlós a ainm nó a hainm agus a sheoladh nó a seoladh d'oifigeach, do sheirbhíseach nó do ghníomhaire de chuid na Comhairle atá údaraithe ag an gComhairle chun críocha na bhfodhlíthe seo, má iarrtar air nó uirthi déanamh amhlaidh, agus ní chuirfidh duine i gcoinne aon duine de na daoine dá dtagraítear i bhFodhlí Uimh. 25, ná ní chuirfidh duine bac ar aon duine den sórt sin, ná ní chabhróidh sé nó sí le haon duine, ná ní ghríosóidh sé nó sí aon duine, chun cur i gcoinne aon duine de na daoine dá dtagraítear i bhFodhlí Uimh. 25, nó chun bac a chur orthu, le linn don oifigeach, don seirbhíseach nó don ghníomhaire sin a dhualgas nó a dualgas a fhorghníomhú nó le linn dó nó di a údarás nó a húdarás a fheidhmiú go dleathach.

28. Déanfaidh oifigeach nó seirbhíseach nó gníomhaire de chuid na Comhairle, má iarrtar air nó uirthi déanamh amhlaidh, fianaise ar a chéannacht nó ar a céannacht agus fianaise ar é nó í a bheith fostaithe ag an gComhairle a thabhairt ar aird d'aon duine a líomhnaíonn an t-oifigeach sin nó an seirbhíseach sin nó an gníomhaire sin de chuid na Comhairle ina leith go bhfuil na fodhlíthe seo sáraithe aige nó aici nó d'aon duine ar iarradh air nó uirthi imeacht as an gcarrchlós de réir Fhodhlí Uimh. 25.

29. In aon ionchúiseamh mar gheall ar chion faoi na Fodhlíthe seo, toimhdeofar maidir le Meaisín Ticéad Loctha a mbeifear ag brath air san ionchúiseamh sin faoi na Fodhlíthe seo, go dtí go suífidh an cosantóir a mhalairt, gur cuireadh isteach sa charrchlós go cuí é faoi na Fodhlíthe seo agus go raibh sé cruinn agus i riocht maith oibre.

**Arna dhéanamh agus arna ghlacadh faoi Ghnáthshéala Chomhairle Chontae na Gaillimhe**

**ARNA DHÁTÚ AN** 20 **Ú LÁ SEO DE** Samhain**, 2017**

**I láthair nuair a greamaíodh Gnáthshéala Chomhairle Chontae na Gaillimhe de seo:**

**Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe**


Adjacent Works
Area
(Waterways Ireland)
A
PROJECT
PORTUMNA MARINA CAR PARK
DRAWING
BYE-LAWS MAP
A
Issued for Bye-Law
May 2017
Galway County Council